Coimisiún na Meán

# TREOIR AR LÉIRITHE SPÉISE

## DO CHONRADH CRAOLACHÁIN FUAIME AR AN MBANDA FM LEIS NA SERIBHÍSÍ SEO A LEANAS A SHOLÁTHAR :

1) SEIRBHÍS ÁITIÚIL LEATHANFHORMÁIDE DON LUCHT ÉISTEACHTA AOSACH

2) SEIRBHÍS ÁITIÚIL TIOMANTA AR CHEOL DON AOISGRHÚPA 25-44 BLIAN D'AOIS

# CATHAIR AGUS CONTAE CHORCAÍ

Coimeádann Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") an ceart aige féin aon chuid den *Treoir ar Léirithe Spéise do chonradh craolachain fuaime le haghaidh an dá sheirbhís seo ar an mbanda FM do Chathair agus Contae Chorcaí:*

1) *Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide don lucht éisteachta aosach; agus*
2) *Seirbhís Áitiúil Tiomanta ar Cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d'aois,*

("Treoir") a cheartú nó a shoiléiriú roimh an dáta druidte le haghaidh aighneachtaí.

Is é an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí ná **12 meán lae Dé Luain, 20 Bealtaine 2024.**

Cuirfear aon cheartuithe, soiléirithe nó faisnéis bhreise den sórt sin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.cnam.ie

Is ceart ceisteanna maidir leis an Treoir seo a chur le ríomhphost faoi **5 i.n. ar an 5 Aibreán 2024** chuig:

**Oisín Kelly, Deonú Conarthaí,**
**Coimisiún na Meán, 1 Áras Shíol Bhroinn, Bóthar Shíol Bhroinn, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20**
**+353 1 6441200 / licensing@cnam.ie**

# Clár Ábhar


1. RÉAMHRÁ ... 4
2. CEADÚNÚ SEIRBHÍSÍ RAIDIÓ TRÁCHTÁLA ... 5
   1. Creat Reachtúil agus Beartais ... 5
   2. Tírdhreach Reatha na Craoltóireachta ... 5
   3. Céim na Léirithe Spéise ... 6
3. AIGHNEACHTAÍ LÉIRITHE SPÉISE ... 7
4. FOIRM UM LÉIRITHE SPÉISE ... 9
   1. Freagróir ... 9
   2. Sprioc-lucht Éisteachta ... 10
   3. Teicniúil ... 11
   4. Seirbhís Clársceidealaithe ... 11
   5. Sonraí maoinithe agus oibríochta ... 13
   6. Dearbhú ... 15

## 1. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le halt 65 (6) den Achta Craolacháin 2009 arna leasú *(*“An tAcht 2009”*)*, cuireann an Coimisiún fáilte roimh Léirithe Spéise ó pháirtithe ar suim leo Conradh Craolacháin Fuaime (“an Conradh”) a bhaint amach ar an mbanda FM d’fhonn:

*1) Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide don lucht éisteachta aosach; agus*

*2) Seirbhís Áitiúil Tiomanta ar Cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d’aois,*

ar an mbanda FM i gCathair agus Contae Chorcaí a sholáthar.

Tá an Conradh, atá ag County Media Limited, agus atá ag craoladh na seirbhísí 1) *C103* agus 2) *Cork’s 96FM* le dul in éag ar an 30 Aibreán 2025.

Breithneofar Léirithe Spéise i dtéarmaí cháilíocht, raon agus chineál na gclár atá beartaithe agus, go háirithe, a mhéid a bheidh na seirbhísí ábhartha d'éisteoirí i gCathair agus i gContae Chorcaí agus i gcomhthéacs éagsúlacht na seirbhísí atá ar fáil sa limistéar saincheadúnais. Tabharfaidh an Coimisiún aird freisin ar inmharthanacht na seirbhíse atá beartaithe agus ar a mhéid is úsáid éifeachtúil speictrim atá sa tairiscint.

Ba cheart do pháirtithe leasmhara *Foirm um Léirithe Spéise* an Choimisiúin atá san áireamh sa Treoir seo (tá leagan *word* ar fáil ar www.cnam.ie), a chomhlánú agus a chur isteach i bhformáid leictreonach (PDF), ar mhéid nach mó ná 8MB, go dtí an Coimisiún.

**Nóta:** Dóibh siúd atá ag smaoineamh ar fhoirm Léirithe Suime a chur isteach agus a d’fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar chonradh craolacháin fuaime faoin bpróiseas iomaíoch in alt 65(8) d’Acht 2009, tá treoir thascach d’iarratasóirí ar chonradh craolacháin fuaime tráchtála ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. láithreán gréasáin nó ar iarratas trí ríomhphost a sheoladh chuig licensing@cnam.ie

Má tá Conradh ag páirtí leasmhar, arb ábhar é d’fhógra arna eisiúint faoi Alt 65 (6) d’Acht 2009, meastar an páirtí leasmhar sin mar an “sealbhóir”.

De réir Alt 67 (2) d’Acht 2009, sa chás, i dtuairim an Choimisiúin, gur ón sealbhóir a tháinig an t-aon Léiriú Spéise de mheon macánta, féadfaidh an Coimisiún ansin, dá lánrogha féin, a mholadh na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi Alt 67 (6) d’Acht 2009 (“próiseas ceadúnaithe mear”) a ghairm.

Tabhair faoi deara le do thoil **nach bhféachfar ar** an bhfógra seo mar iarratas ar Chonradh. Ní mór do pháirtithe ar suim leo Léirithe Spéise a chur isteach chuig an Coimisiún sin a dhéanamh faoi **12 meán lae, Dé Luain, 20 Bealtaine 2024.** Tabhair faoi deara go gcuirfear gach Léiriú Spéise bailí ar fáil go poiblí tar éis don Choimisiún iad a mheas.

## 2. CEADÚNÚ SEIRBHÍSÍ RAIDIÓ TRÁCHTÁLA

### *2.1 Creat Reachtúil agus Beartais*

Leagtar amach san Acht 2009 an creat reachtúil chun seirbhísí craolacháin teilifíse agus raidió breise a cheadúnú agus a rialáil ar ardáin éagsúla, lena n-áirítear bannaí raidió FM agus AM, Teilifís Dhigiteach Trastíre agus Ilphléacsanna Fuaime agus chun cóid agus rialacha a fhorbairt.

Ina leith seo, socraítear roinnt cuspóirí leathana in Acht 2009 le haghaidh ceadúnú seirbhísí craolacháin fuaime agus bhí siad seo ina mbonn eolais le haghaidh fhorbairt beartas an Choimisiúin um sheirbhísí craolacháin fuaime a cheadúnú, mar a leagtar amach in *An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin* i bPleananna Ceadúnaithe an Choimisiúin. Ba cheart do pháirtithe ar mian leo Léiriú Spéise a chur isteach le haghaidh an dá sheirbhís craolacháin fuaime beartaithe a bheith eolach ar chur chuige an Chomisiúin i leith an cheadúnaithe agus na rialála.

Tá Acht 2009 agus doiciméid bheartais an Chomisiúin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chomisiúin ag www.cnam.ie. Nuair atáthar ag athbhreithniú na Léirithe Spéise a gheofar, déanfaidh an an Comisiún breith ar na cuspóirí beartais iolarthacht, ilchineálacht, inmharthanacht agus úsáid éifeachtach speictrim. Ba cheart don tseirbhís bheartaithe cur le tírdhreach reatha na craoltóireachta sa limistéar saincheadúnais, mar a leagtar amach thíos, i gcomhthéacs na gcuspóirí seo.

### *2.2 Tírdhreach Reatha na Craoltóireachta i gCathair agus Contae Chorcaí*

Tá *C103* agus *Cork's 96FM* ar chinn de thrí sheirbhísí raidió tráchtála áitiúla/réigiúnacha/ilchathrach is tríocha atá ceadúnaithe ar fud na tíre. Is seirbhís raidió tráchtála áitiúil tiomanta ar cheol a dhírítear go príomha ag an aoisghrúpa 15-34 bliain d'aois.

Is seirbhís raidió áitiúil leathanfhormáide í C103 a dhíríonn ar gach duine fásta 15+, ach atá dírithe go príomha ar lucht féachana tuaithe 25+ ar fud an cheantair saincheadúnais.

Is seirbhís raidió áitiúil tiomanta ar cheol í 96 FM Chorcaí atá dírithe ar an aoisghrúpa 25 – 44 i gCathair agus i gContae Chorcaí. Agus í ag freastal ar an limistéar saincheadúnais ar fad, tá an tseirbhís dírithe go príomha ar lucht féachana uirbeach 25+ bliain d'aois i gCathair Chorcaí.

Chomh maith leis an seirbhís seo, déanann na seirbhísí seo a leanas freastal ar an gceantar ar an mbanda FM: aon sheirbhís áitiúla tráchtála amhain *Red FM*, an tseirbhís il-chathrach *Classic Hits*, trí sheirbhís náisiúnta/gar-náisiúnta *Today FM, Newstalk agus Spirit Radio* agus ceithre sheirbhís raidió sheirbhís phobail de chuid RTÉ; *RTÉ Radio One, RTÉ 2FM, RTÉ Lyric FM* agus *RTÉ Raidió na Gaeltachta*. Tá seirbhísí phobail agus phobail suime lánaimseartha agus ar an aer freisin.

Cuireann na stáisiúin seo go léir seirbhísí éagsúla ar fáil maidir le hábhar, formáid agus ábharthacht do lucht éisteachta sa limistéar saincheadúnais.

### *2.3 Céim na Léirithe Spéise*

Ní cuid den phróiseas iarratais i gcomhair seirbhís raidió tráchtála í céim na Léirithe Spéise. Cuirtear tús leis an bpróiseas iarratais nuair a eisíonn an Coimisiún fógra ag lorg iarratas i gcomhair na seirbhíse raidió ábhartha de bhun alt 65(8) d'Acht 2009. Roimh thús an phróisis iarratais, tá an Coimisiún ag lorg Léirithe Spéise maidir leis an gconradh a fháil le haghaidh an dá sheirbhís raidió áitiúla seo, de bhun alt 65(6) den Acht. Ba cheart do fhreagróirí féideartha ar ghlaoch ar Léirithe Spéise aird a thabhairt ar an gcineál seirbhíse atá á beartú.

Ina leith seo, tarraingítear aird fhreagróirí féideartha ar na híoschaighdeáin seo a leanas nach mór a chomhlánú ag céim an iarratais i gcomhair na seirbhíse beartaithe:

1. Ní mór d'iarratasóir a bheith ina eintiteas dlíthiúil nó an t-eintiteas dlíthiúil a shainaithint a dhéanfadh an conradh craolacháin fuaime beartaithe.

2. Ní mór acmhainn airgeadais leordhóthanach a bheith ag iarratasóir, agus cumas teicniúil leordhóthanach chun oibríochtaí laethúla na seirbhíse beartaithe a chur ar bun agus/nó a mhaoiniú agus forbairt oibríochtaí laethúla a choimeád.

3. Ní mór do cháilíocht, raon agus saghas an chlársceidealaithe a bheartaíonn iarratasóir a bheith ag teacht le bhfuiltear ag súil leis ón saghas seirbhíse a bheartaítear.

Agus é ag déanamh aighneachta, ag úsáid fhoirm an Choimisiúin mar a leagtar amach i gcuid 4 thíos, éilítear ar fhreagróir a dheimhniú i scríbhinn, thar ceann an eintitis a bheartaítear san aighneacht, go gcreideann sé go réasúnta go bhfuil an acmhainn, an cumas teicniúil agus an taithí aige chun an tseirbhís bheartaithe a chur ar fáil agus go mbeidh sé ábalta na híoschaighdeáin a shonraítear thuas a chomhlíonadh.

## 3. AIGHNEACHTAÍ LÉIRITHE SPÉISE

Léigh na nótaí treorach seo a leanas le do thoil sula gcomhlánóidh tú an fhoirm um Léiriú Spéise.

1. *Foirm:* Ba cheart an fhoirm um Léirithe Spéise a chur isteach i mBéarla nó i nGaeilge agus a chomhlánú ina hiomláine chun an t-eolas go léir a iarrtar a chur san áireamh.

2. *Aighneacht:* Ní mór an fhoirm um Léirithe Spéise a chomhlánú i gclóscríbhinn nó i gceannlitreacha i ndúch dubh. Ba cheart cóip leictreonach amháin i bhformáid PDF, nach mó ná 8MB, a sheoladh chuig licensing@cnam.ie faoi **12 meán lae, Dé Luain, 20 Bealtaine 2024.** Ní ghlacfar le léiriú spéise déanach.

3. *Rochtain Phoiblí:* Tabhair faoi deara le do thoil go bhfoilseofar gach foirm um Léirithe Spéise bhailí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin (www.cnam.ie) tar éis don Choimisiún iad a mheas. Cuirfear Léirithe Spéise ar fáil freisin lena n-iniúchadh ón bpobal ag oifigí an Choimisiúin ag an am sin.

4. *Faisnéis faoi rún:* Féadfaidh an Coimisiún rochtain a dhiúltú do bhaill den phobal ar ábhar ar cuid de Léiriú Spéise é sa chás go measann an Coimisiún é a bheith oiriúnach gur cheart caitheamh lena leithéid d'ábhar mar ábhar faoi rún. Áirítear le faisnéis a fhéadfar a mheas a bheith de shaghas faoi rún tá, i measc rudaí eile, faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de agus faisnéis lena mbainfeadh, dá nochtfaí í, sárú ar oibleagáid rúndachta atá ag tríú páirtí ar an bpáirtí leasmhar.

***Tabhair faoi deara:*** Ní mór faisnéis a mheasann páirtí leasmhar a bheith faoi rún a chur i láthair in iarscríbhinn a ghabhann leis an Léiriú Spéise. Ba cheart "faoi rún" a mharcáil ar an iarscríbhinn. Ní mór na cúiseanna lena chreidiúint go bhfuil an fhaisnéis faoi rún a leagan amach. Sa chás go gcreideann an Coimisiún gur cheart ábhar a chuirtear in iarscríbhinn faoi rún a chur ar fáil lena iniúchadh, lorgóidh sé comhaontú leis an bpáirtí leasmhar maidir le méid an nochta faisnéise. Mura féidir comhaontú a bhaint amach laistigh de cibé tréimhse a chinnfear an Coimisiún, dá lánrogha féin de réir mar a bheidh réasúnta, caithfidh an Coimisiún lena leithéid d'fhaisnéis amhail is gur aistarraingíodh í agus ní mheasfar í a bheith mar chuid de Léiriú Spéise.

5. *Saoráil Faisnéise:* Féadfar faisnéis a chur ar fáil don phobal de bharr iarratais faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an bpáirtí leasmhar faoi aon fhaisnéis a fhoilsiú a gcaitear léi mar fhaisnéis rúnda ag tráth na haighneachta, sula ndéanfar cinneadh maidir le haon iarraidh um Shaoráil Faisnéise a gheofar.

   Tá aon chomhaontuithe idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara maidir le faisnéis rúnda agus/nó íogair ó thaobh tráchtála de gan dochar d'oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, faoin Acht 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise dá dtagraítear sa chuid seo. Mar sin, ní féidir leis an gCoimisiún dearbhú a thabhairt nach nochtfaí faisnéis a n-éilíonn páirtí leasmhar mar fhaisnéis rúnda nó a bpléitear léi mar sin de bhun an dlí.

6. *Cosaint Sonraí:* Chun an próiseas seo um Léirithe Spéise a oibriú go héifeachtach, beidh roinnt sonraí pearsanta/faisnéis teagmhála ag teastáil uainn.

   Cloífidh an Coimisiún lena n-oibleagáidí faoin Treoir RGCS, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus aon dlíthe agus rialacháin infheidhme eile a bhaineann le príobháideacht sonraí.

   Tá an Coimisiún faoi oibleagáid agus tiomanta do na sonraí pearsanta go léir a chosaint a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar Léiriú Spéise ar an bplean ceadúnaithe seo. Tá Oifigeach Teagmhála Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

   Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar conas a phróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin ag: Coimisiún na Meán | Cosaint Sonraí (cnam.ie)

## 4. FOIRM UM LÉIRITHE SPÉISE

Tá faisnéis ag teastáil faoi chúig cheannteideal mar a leanas: 1) Freagróir; 2) Sprioc-lucht Éisteachta; 3) Teicniúil; 4) Clársceidealú; 5) Sonraí Oibríochta. Ní mór d'fhreagróirí an Dearbhú i gcuid 6 den fhoirm a chomhlánú freisin.

Comhlánaigh an fhoirm ina hiomláine le do thoil. **Ní mheasfar foirmeacha/aighneachtaí neamhiomlána mar Léirithe Spéise bailí.**

Nuair a bheidh sí comhlánaithe, sábháil mar doiciméad PDF amháin agus cuir chuig an gCoimisiún í mar a threoraítear sa Treoir seo.

Trí aighneacht Léirithe Spéise a dhéanamh tá tú ag dearbhú an mhéid seo a leanas don Choimisiún: -

1. go bhfuil an *Treoir ar Léirithe Spéise do chonradh craolachain fuaime le haghaidh an dá sheirbhís seo ar an mbanda FM do Chathair agus Contae Chorcaí:*
    1) *Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide don lucht éisteachta aosach; agus*
    2) *Seirbhís Áitiúil Tiomanta ar Cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d'aois,*

    léite agus tuigthe agat;
2. go gcuirfear d'aighneacht ar fáil don phobal; agus,
3. go gcreideann tú go réasúnta go bhfuil an acmhainn, an cumas agus an taithí ag an eintiteas a bheartaítear san aighneacht chun an tseirbhís bheartaithe a chur ar fáil agus go mbeidh sé ábalta íoschaighdeáin a chomhlíonadh a leagtar amach i gcuid 2.3 den Treoir seo.

## *1. Freagróir*

| Freagróir | |
|---|---|
| 1.1 Tabhair sonraí ar an duine/eintiteas atá ag déanamh na haighneachta le do thoil: | |
| 1.2 Sonraí Teagmhála: | |
| Ainm Iomlán an Duine Teagmhála: | |
| Seoladh Ríomhphoist an Duine Teagmhála: | |
| Uimhir Ghutháin an Duine Teagmhála: | |

| | |
|---|---|
| Seoladh Poist an Duine Teagmhála: | |

| |
|---|
| 1.3 Tabhair sonraí ar chúlra agus/nó ar thaithí ábhartha an fhreagróra i gcomhthéacs sholáthar na seirbhíse beartaithe: |
| |

## 2. Sprioc-lucht Éisteachta

### 2a Seirbhís Áitiúil Leathanformáide

| |
|---|
| 2.1 Sainmhínigh agus tabhair próifíl, le do thoil, le tagairt don aoisghrúpa 25+ de dhaoine agus grúpa a ndíreoidh an tseirbhís bheartaithe clársceidealaithe orthu go príomha: |
| |
| 2.2 Tabhair do mheastachán ar an lucht éisteachta (rochtain) beartaithe sa sprioc-lucht éisteachta le haghaidh na seirbhíse beartaithe do na chéad trí bliana oibriúcháin: |
| |

### 2b Seirbhís Áitiúil Tiomanta ar Cheol

| |
|---|
| 2.1 Sainmhínigh agus tabhair próifíl, le do thoil, le tagairt don aoisghrúpa 25-44 de dhaoine agus grúpa a ndíreoidh an tseirbhís bheartaithe clársceidealaithe orthu go príomha: |
| |
| 2.2 Tabhair do mheastachán ar an lucht éisteachta (rochtain) beartaithe sa sprioc-lucht éisteachta le haghaidh na seirbhíse beartaithe do na chéad trí bliana oibriúcháin: |
| |

## 3. Teicniúil

| |
|---|
| 3.1 Cuir ar fáil Ainm an Láithreáin, Tagairt Eangaí Náisiúnta (Exxxxxx Nyyyyyy), Airde an Láithreáin, Airde na hAeróige, an ERP beartaithe agus an Patrún Aeróige le haghaidh gach ceann de na láithreáin tarchuir Bhanda II VHF a theastaíonn chun clúdach a sholáthar don limistéar saincheadúnais agus ag an am céanna an clúdach d'aon fharasbharr chuig limistéir chomharsanacha: |
| |
| 3.2 Cuir ar fáil réasúnaíocht le haghaidh an phlean tarchuir bheartaithe. Ba cheart go n-áireofaí leis seo cur síos ar an gclúdach iomlán a chuirtear ar fáil, go dtarraingeofaí aird ar limistéir a fhéadfaidh clúdach imeallach nó bocht a fháil agus a mhíniú cén fáth gurb ionann an moladh seo úsáid éifeachtach speictrim: |
| |
| 3.3 Tabhair léiriú ginearálta ar líon, saghas agus láthair na stiúideonna a theastaíonn chun an tseirbhís bheartaithe a sholáthar: |
| |

## 4. Seirbhís Clársceidealaithe

### 4a Seirbhís Leathanfhormáide

| |
|---|
| 4.1 Cuir ar fáil cur síos ginearálta ar fhormáid agus ábhar na seirbhíse cláir beartaithe: |
| |
| 4.2 Leag amach do réasúnaíocht le haghaidh na seirbhíse beartaithe le do thoil i gcomhthéacs cur le hilchineálacht na seirbhísí clársceidealaithe/craolacháin trí thagairt do:<br>• an sprioc-lucht éisteachta;<br>• ilchineálacht ábhair cláir agus na seirbhísí ar fáil sa limistéar saincheadúnais, limistéir Ghaeltachta san áireamh (más ábhartha). |
| |

| 4.3 Cuir ar fáil, le do thoil, sonraí táscacha ar:<br>• uaireanta iomlána craolacháin (in aghaidh an lae/na seachtaine); agus<br>• líon uaireanta beo (in aghaidh an lae/na seachtaine): |
|---|
| |
| 4.4 Léirigh do chur chuige le do thoil d'fheidhmiú seirbhís áitiúil tiomanta ar cheol lena n-áirítear cur síos ar an saghas clársceidealaithe agus ar an gcéatadán d'uaireanta craolacháin laethúil le bheith tiomanta do, na réimsí seo a leanas:<br>▪ clársceidealú ceoil (catagóirí agus céatadán aschuir go gach catagóir luaite);<br>▪ cláir nuachta agus cúrsaí reatha; agus<br>▪ clársceidealú urlabhra: |
| |
| 4.5 Cuir ar fáil sonraí, le do thoil, ar aon socruithe líonraithe: |
| |

## *4b Seirbhís Tiomanta ar Cheol*

| 4.1 Cuir ar fáil cur síos ginearálta ar fhormáid agus ábhar na seirbhíse cláir beartaithe: |
|---|
| |
| 4.2 Leag amach do réasúnaíocht le haghaidh na seirbhíse beartaithe le do thoil i gcomhthéacs cur le hilchineálacht na seirbhísí clársceidealaithe/craolacháin trí thagairt do:<br>• an sprioc-lucht éisteachta;<br>• ilchineálacht ábhair cláir agus na seirbhísí ar fáil sa limistéar saincheadúnais, limistéir Ghaeltachta san áireamh (más ábhartha). |
| |

| |
|---|
| 4.3 Cuir ar fáil, le do thoil, sonraí táscacha ar:<br>• uaireanta iomlána craolacháin (in aghaidh an lae/na seachtaine); agus<br>• líon uaireanta beo (in aghaidh an lae/na seachtaine): |
| |
| 4.4 Léirigh do chur chuige le do thoil d'fheidhmiú seirbhís áitiúil tiomanta ar cheol lena n-áirítear cur síos ar an saghas clársceidealaithe agus ar an gcéatadán d'uaireanta craolacháin laethúil le bheith tiomanta do, na réimsí seo a leanas:<br>▪ clársceidealú ceoil (catagóirí agus céatadán aschuir go gach catagóir luaite);<br>▪ cláir nuachta agus cúrsaí reatha; agus<br>▪ clársceidealú urlabhra: |
| |
| 4.5 Cuir ar fáil sonraí, le do thoil, ar aon socruithe líonraithe: |
| |

## 5. Sonraí maoinithe agus oibríochta

| |
|---|
| 5.1 Cuir síos, le do thoil, ar na moltaí maoinithe agus infheistíochta réamhoibríochta agus ar an tsamhail ghinearálta oibríochta agus eacnamaíoch a shamhlaítear i leith na seirbhíse beartaithe (cuir san áireamh sonraí ar aon ghréasáin sindeaceáite a shamhlaítear): |
| |

| |
|---|
| 5.2 Aimnigh maoinitheoirí seachtracha agus déan cur síos ar na príomhfhoinsí ioncaim a shamhlaítear. |
| |
| 5.3 Cuir ar fáil réamh-mheastacháin tháscacha ioncaim bhliantúla agus caiteachais de na chéad trí bliana oibríochta agus na toimhdí atá mar bhonn leis na réamh-mheastacháin seo: |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bliain | | | |
| Ioncam | | | |
| Caiteachas | | | |
| Brabús Glan / (Caillteanas) | | | |

Toimhdí:

| |
|---|
| 5.4 Cuir ar fáil, le do thoil, sonraí táscacha ar agus réasúnaíocht do:<br>• an struchtúr eagraíochtúil beartaithe (bainistíocht agus foireann): |
| |
| 5.5 Leag amach, le do thoil, an fáth a gcreideann tú go mbeidh an tseirbhís bheartaithe inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de le tagairt do na socruithe iomlána oibríochta agus aon saincheisteanna ábhartha eile: |
| |

## *6. Dearbhú*

| 6.1 Agus an aighneacht Léirithe Spéise seo á déanamh don Choimisiún agat, iarrtar ort an dearbhú seo a leanas a chur san áireamh san aighneacht: |
|---|
| Deimhním,______, thar ceann (eintiteas a bheartaítear san aighneacht seo) ("an Freagróir") leis seo go gcreidim go réasúnta go bhfuil an acmhainn, an cumas agus an taithí ag an bhFreagróir an tseirbhís bheartaithe a sholáthar agus go mbeidh sé ábalta na híoschaighdeáin a leagtar amach i gcuid 2.3 den *Treoir ar Léirithe Spéise do chonradh craolachain fuaime le haghaidh an dá sheirbhís seo ar an mbanda FM do Chathair agus Contae Chorcaí:*<br>*1) Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide don lucht éisteachta aosach; agus*<br>*2) Seirbhís Áitiúil Tiomanta ar Cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d'aois.*<br><br>a chomhlíonadh, agus go bhfuilim údaraithe go cuí an dearbhú seo a dhéanamh thar ceann an Fhreagróra. |
| 6.2 Ainm & Teideal, Síniú agus Dáta: |
| |